2018. S28T

# RABHADH

**Ná déan dearmad an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfear marcanna.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo:

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2018**

## TÍREOLAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

## ROINN 1 – FILLTEÁN (60 marc)

**DÉ hAOINE 8 MEITHEAMH – MAIDIN 9:30 – 11:30**


| Roinn 1 Greille Mharcála an Fhillteáin (Don scrúdaitheoir amháin) | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Ceisteanna** | | **Marc** | **Scrúdaitheoir** | **Scrúdaitheoir Comhairleach** |
| | @ | 3 | | |
| | @ | 2 | | |
| | @ | 1 | | |
| | @ | 0 | | |
| **Marc Iomlán** | | | | |

**NÓTA: TÁ ROINN 2 DEN SCRÚDÚ SEO AR PHÁIPÉAR AR LEITHLIGH**

**ROINN 1 (60 marc)**

Freagair **GACH** ceist.
Tá rogha agat laistigh de thrí cheist.
Déan deimhin de go gcuireann tú an fillteán seo ar ais le do fhreagarleabhar.
Mura gcuireann tú, caillfear marcanna.

**1. TÍRDHREACHA CARSTACHA**




Taispeántar tírghnéithe i réigiún carstach sa léaráid thuas.

Ainmnigh gach ceann de na gnéithe aolchloiche lipéadaithe **A**, **B** agus **C**.

**A**. ______________________________________________________

**B**. ______________________________________________________

**C**. ______________________________________________________

**2. FILLSLÉIBHTE**

Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na ráitis a leanas.


(i) Cruthaítear Fillsléibhte nuair a **scarann** / **imbhuaileann** dhá phláta.

(ii) Sampla d'Fhillsléibhte i Meiriceá Theas iad **na hAindéis** / **na Himiléithe**.

(iii) Cruthaíodh sléibhte na Mumhan nuair a tharla

**an Filleadh Alpach** / **an Filleadh Armarcach**.

## 3. GLUAISEACHT PLÁTAÍ




Curtha in oiriúint ó www.buzzle.com

Scrúdaigh an léarscáil thuas agus cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na ráitis a leanas.

(i) Is é a thugtar ar an limistéar a léiríonn an líne XY ar an léarscáil ná

**Fáinne Tine an Aigéin Chiúin** / **Droim an Atlantaigh Láir**.

(ii) Tá plátaí **ag imbhualadh** / **ag scaradh** sa limistéar feadh líne XY.

(iii) Gluaiseann plátaí mar thoradh ar **shruthanna comhiompair** / **fheachtaí aigéin**.

## 4. GNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA TÁNAISTEACHA

Cé acu ceann **amháin** de na liostaí seo a leanas nach bhfuil ann ach samplaí de dhaoine a ghlacann páirt i ngníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach?

Mianadóir, treoraí turas, tiománaí tacsaí, oibrí foraoise. ☐


Amhránaí, feirmeoir, dochtúir, múinteoir. ☐

Báicéir, oibrí monarchan, grúdaire, déantóir caibinéad. ☐

Gruagaire, fiaclóir, altra, tiománaí bus. ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**5.** **CAIRT AIMSIRE**




Scrúdaigh an chairt aimsire thuas agus críochnaigh gach ceann de na habairtí a leanas agus an téarma ceart á chur isteach agat i ngach cás.

(i) Is é a thugtar ar an ngné den chairt aimsire lipéadaithe **A** ná

_______________________________________________.

(ii) Is é a thugtar ar an ngné den chairt aimsire lipéadaithe **B** ná

_______________________________________________.

(iii) Is é a thugtar ar an líne lipéadaithe **C** ná

_______________________________________________.

**6.** **ITHIR**

Críochnaigh gach ceann de na habairtí a leanas agus an téarma ceart as an tábla thíos á úsáid agat.

| | | |
|---|---|---|
| Podsail | Léaslínte | Húmas |
| Miocrorgánaigh | Cruachiseal | Donnithreacha |


(i) Is é a thugtar ar na sraitheanna difriúla i bpróifíl ithreach ná

_______________________________________.

(ii) Is é a thugtar ar easair phlandaí lofa in ithreacha ná ____________________________.

(iii) _______________________________________ an cineál ithreach is coitianta in Éirinn.

**7.** **STRUCHTÚR AN DOMHAIN**




Curtha in oiriúint ó geo.rhul.ac.uk

Scrúdaigh an léaráid de struchtúr an domhain thuas.

Críochnaigh gach ceann de na habairtí a leanas agus an téarma ceart as an tábla thíos á úsáid agat.

| | | |
|---|---|---|
| Magma | Maintlín íochtair | Laibhe |
| Ilchríoch | Plátaí teicteonacha | An croí istigh |

(i) Is é a thugtar ar an limistéar lipéadaithe **A** ná

________________________________________ .

(ii) Is é a thugtar ar an ábhar a fhaightear ag **B** ná

________________________________________ .

(iii) Tá screamh an domhain roinnte ina coda ar a dtugtar

________________________________________ .

**FREAGAIR 8A NÓ 8B**

**8A. DLÚS DAONRA**

Sna boscaí a thugtar, meaitseáil gach ceann de na litreacha i **gColún X** le huimhir a phéire i **gColún Y**. Tá péire amháin déanta duit.

| **Colún X** | |
|---|---|
| A | Mailí |
| B | Hong Cong |
| C | Baile seantán |
| D | An Ísiltír |

| **Colún Y** | |
|---|---|
| 1 | Cathair le dlús daonra ard. |
| 2 | Ceantar uirbeach i gcathair sa domhan i mbéal forbartha. |
| 3 | Tír le dlús daonra íseal. |
| 4 | Tír le dlús daonra ard. |

| **X** | **Y** |
|---|---|
| A | |
| B | **1** |
| C | |
| D | |

**NÓ**

**8B. AIMSIR**

Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na ráitis a leanas.

(i) Tomhaistear bogthaise le gléas ar a dtugtar **taismhéadar** / **ainéimiméadar**.

(ii) Is é a thugtar ar línte ar léarscáil a cheanglaíonn áiteanna arb ionann taitneamh na gréine iontu ná **isihiaití** / **línte comhghriandachta**.

(iii) Is é a thugtar ar bháisteach a thiteann nuair a bhuaileann aermhais the agus aermhais fhuar le chéile ná **báisteach rilífe** / **báisteach chioclónach (fronta)**.

**FREAGAIR 9A NÓ 9B**

**9A. POLDAIR**

Tagraíonn poldair:

D’fheirmeacha san Éitóip. ☐

Do thalamh a aisghabhadh ón bhfarraige. ☐

D’airde os cionn leibhéal na mara. ☐

Do limistéir thorthúla sa ghaineamhlach. ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**NÓ**

**9B. UIRBIÚ**

Is é is cathair phríomha ann ná:

Cathair óna dtéann daoine ag taisteal chun oibre. ☐

Straitéis athnuachana uirbí. ☐

Cathair a bhfuil dhá oiread daonra inti is atá sa chéad chathair eile is mó daonra. ☐

Forbairt uirbeach ag leathadh isteach i gceantair thuaithe. ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**FREAGAIR 10A NÓ 10B**

## 10A. AIBHNEACHA




Curtha in oiriúint ó www.stuckiniceland.com

Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na ráitis a leanas.

(i) Is é a thugtar ar an ngné lipéadaithe **X** san fhótagraf thuas ná **fánsruth** / **eas**.

(ii) Gné a bhaineann le **creimeadh abhann** / **sil-leagan abhann** atá sa ghné lipéadaithe **X**.

(iii) Faightear an ghné lipéadaithe **X** i gcúrsa **uachtarach** / **íocharach** abhann.

**NÓ**

## 10B. AIBHNEACHA

Críochnaigh gach ceann de na habairtí a leanas agus an téarma ceart á chur isteach agat i ngach cás.

(i) An téarma a thugtar ar an limistéar a ndéanann abhainn agus fo-aibhneacha na habhann sin draenáil air ná

___________________________________ .

(ii) An téarma a thugtar ar an ábhar torthúil a shil-leagann abhainn ar thuilemhá ná

___________________________________ .

(iii) Is é a thugtar ar chora móra feadh cúrsa meánach abhann ná

___________________________________ .

**11. AN COMHSHAOL**



Curtha in oiriúint ó www.reference.com

Léiríonn an fótagraf thuas iarmhairt de chuid ceann acu seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Carbónáitiú | ☐ |
| Creathanna talún | ☐ |
| Síonchaitheamh | ☐ |
| Téamh domhanda | ☐ |

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**12. CÚNAMH**

Críochnaigh gach ceann de na habairtí a leanas agus an téarma ceart as an tábla thíos á úsáid agat.

| | | |
|---|---|---|
| Cúnamh éigeandála | Cúnamh ceangailte | Cúnamh forbartha |

(i) Is é a thugtar ar chúnamh a bhfuil coinníollacha ag gabháil leis ná cúnamh

_______________________________________ .

(ii) Sampla de chúnamh __________________________________ é oiliúint a chur ar mhúinteoirí agus ar altraí go háitiúil.

(iii) Is é a thugtar ar chúnamh a thugtar nuair a bhíonn géarchéim ann ná cúnamh

_______________________________________ .

**13. TÍORTHA FORBARTHA AGUS TÍORTHA i mBÉAL FORBARTHA**

Cuir in iúl cé acu **trí cinn** de na ráiteas atá fíor agus tic (✓) á chur sa bhosca ceart.

1. Tá an t-ionchas saoil ard i dtíortha i mbéal forbartha.
2. Fásann an daonra go tapa i dtíortha i mbéal forbartha.
3. Tá an ráta breithe ard i dtíortha forbartha.
4. Tá rátaí báis íseal ar an mórgóir i dtíortha forbartha.
5. Tá caighdeáin mhaireachtála ard ar an mórgóir i dtíortha forbartha.

| | |
|---|---|
| 1, 2, 3 | ☐ |
| 1, 4, 5 | ☐ |
| 2, 3, 4 | ☐ |
| 2, 4, 5 | ☐ |

**14. PORTAIGH MHÓNA**


Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na ráitis a leanas.

(i) Is **portaigh ardaithe** / **bratphortaigh** iad na portaigh mhóna i lár na tíre in Éirinn.

(ii) Is **acmhainn in-athnuaite** / **acmhainn neamh-inathnuaite** í móin.

(iii) San am atá thart, d'úsáidtí uirlisí láimhe ar a dtugtar **sleánta** / **brácaí** chun fóid mhóna a bhaint ar phortach.

## 15. LÉARSCÁIL SRÁIDE




Scrúdaigh an léarscáil sráide thuas a thaispeánann cuid de lár Bhaile Átha Cliath.

Cén tsráid a shroichfeá dá leanfá na treoracha thíos?

- Siúl ó thuaidh ar feadh Shráid Dhasáin (*Dawson Street*) (P51 ar an ngreille).
- Cas ar dheis go dtí Sráid Nassau (*Nassau St*) agus lean ar aghaidh ag siúl.
- Tóg an dara sráid ar dheis.

Sráid an Chláraigh (*Clare St*) ☐

Sráid Fhreidric Theas (*Fredrick St South*) ☐

Sráid Theach Laighean (*Molesworth St*) ☐

Sráid Chill Dara (*Kildare Street*) ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.


## 16. GRAF DAONÁIRIMH

Sa tábla thíos, taispeántar líon na gcainteoirí Gaeilge laethúla, go neasach, i gceantair Ghaeltachta roghnaithe ar oíche an Daonáirimh in 2016.

Úsáid an t-eolas a thugtar sa tábla chun an barraghraf a líonadh do chontaetha Chorcaí, na Mí agus Phort Láirge.

| **Ceantar Gaeltachta** | Co. Chorcaí | Cathair na Gaillimhe | Co. Mhaigh Eo | Co. na Mí | Co. Phort Láirge |
|---|---|---|---|---|---|
| **Líon Daoine** | 850 | 650 | 900 | 300 | 450 |

Curtha in oiriúint ó POS



**17. LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS**

Scrúdaigh léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a thugtar leis an bpáipéar seo.

Sna boscaí a thugtar, meaitseáil gach ceann de na litreacha i **gColún X** le huimhir a phéire i **gColún Y**. Tá péire amháin déanta duit.

| Colún X | |
|---|---|
| A | G 667 423 |
| B | G 674 421 |
| C | G 749 352 |
| D | G 703 418 |

| Colún Y | |
|---|---|
| 1 | Lúb |
| 2 | Foraois mheasctha |
| 3 | Oifig Phoist |
| 4 | Caisleán |

| X | Y |
|---|---|
| A | |
| B | **3** |
| C | |
| D | |

**18. AERFÓTAGRAF**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf a thugtar leis an bpáipéar seo.

Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na ráitis a leanas.

(i) Tá cora ar an abhainn **i lár an chúlra** / **sa tulra ar chlé**.

(ii) Tá raon reatha **sa chúlra ar chlé** / **sa talamh láir ar chlé**.

(iii) **Fótagraf fiar** / **fótagraf ceartingearach** is ea an t-aerfótagraf seo.

**19. LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS**

Scrúdaigh léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a thugtar leis an bpáipéar seo.

Cuir ciorcal thart ar an rogha cheart i ngach ceann de na ráitis a leanas.

(i) Tá Brú Saoire Neamhspleách i Sligeach. **Fíor** / **Bréagach**

(ii) Tá uaireanta oscailte rialta ag an oifig turasóireachta i Sligeach, (ar oscailt ar feadh na bliana). **Fíor** / **Bréagach**

(iii) Tá an pointe is airde ar an léarscáil le fáil ag G 703 442. **Fíor** / **Bréagach**

**20. LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS**

Scrúdaigh léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a thugtar leis an bpáipéar seo.

Cad é fad an líne iarnróid ó G 678 350 go G 685 367?

1.3 km ☐

3.5 km ☐

2.0 km ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2018

---

## TÍREOLAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

## ROINN 2 (90 marc)

---

**DÉ hAOINE 8 MEITHEAMH – MAIDIN 9:30 – 11:30**

Tá **ROINN 1** den pháipéar seo i bhfillteán ar leithligh, mar a bhfuil spásanna le haghaidh do chuid freagraí.

NÁ DEARMAD, LE DO THOIL, GO gCAITHFIDH TÚ **FILLTEÁN** COMHLÁNAITHE **ROINN 1** A THABHAIRT AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR.

**ROINN 2 (90 marc)**

Freagair **TRÍ** cheist ar bith.

Tá gach ceist ar cómharc.

**Ceist 1. DROMCHLA AN DOMHAIN**

**1A. Carraigeacha**




Curtha in oiriúint ón An Taisce




Curtha in oiriúint ó www.dochara.com

Scrúdaigh na fótagraif thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Luaigh cé acu an bruthcharraig, carraig dhríodair nó carraig mheiteamorfach atá i bhfótagraf **A**.

(ii) Luaigh cé acu an bruthcharraig, carraig dhríodair nó carraig mheiteamorfach atá i bhfótagraf **B**.

(iii) Ainmnigh sampla de charraig dhríodair.

(iv) Tabhair cur síos agus míniú ar an tslí ar cruthaíodh an charraig dhríodair a d'ainmnigh tú i gcuid (iii) thuas.

(10)

**1B. Síonchaitheamh**

Mínigh, agus léaráid lipéadaithe mar chúnamh agat, an tslí a ndéanann siocghníomhú síonchaitheamh ar charraigeacha.

(10)

**1C. Ollghluaiseacht**


(i) Ainmnigh cineál **amháin** ollghluaiseachta moille agus tabhair cur síos ar **dhá** iarmhairt atá ag an ollghluaiseacht mhall seo.

(ii) Mínigh an iarmhairt a bhíonn ag frasaíocht ar ollghluaiseacht.

(10)

**Ceist 2.** **DROMCHLA AN DOMHAIN AGUS AN PLÁINÉAD SEO AGAINNE**

**2A. Iarmhairt Cheaptha Teasa**




Curtha in oiriúint ó www.ecy.wa.gov

Scrúdaigh an léaráid thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cad é an t-ainm a thugtar ar an imchlúdach gás atá mórthimpeall ar an domhan (**X**)?

(ii) Mínigh conas a tharlaíonn an iarmhairt cheaptha teasa.

(iii) Ainmnigh **dhá** shlí inar féidir an iarmhairt cheaptha teasa a laghdú.

(10)

**2B. Bolcáin**

(i) Ainmnigh bolcán beo **amháin**.

(ii) Tabhair cur síos ar iarmhairt dhearfach **amháin** agus ar iarmhairt dhiúltach **amháin** atá ag bolcáin.

(10)

**2C. Oighriúchán agus Cóstaí**

**Freagair** (i) **nó** (ii).

(i) **Oighriúchán**

Ainmnigh gné **amháin** a cruthaíodh de thoradh oighearchreimthe agus mínigh, le cabhair léaráid lipéadaithe, conas a cruthaíodh í.

**NÓ**

(ii) **Cóstaí**

Ainmnigh gné **amháin** a cruthaíodh de thoradh creimeadh cósta agus mínigh, le cabhair léaráid lipéadaithe, conas a cruthaíodh í.

(10)

**Ceist 3.** **MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA**

Freagair **TRÍ CINN AR BITH** de na ceisteanna **3A**, **3B**, **3C**, **3D**.

**3A.** **Imirce**


(i) Ainmnigh cineál **amháin** imirce eagraithe a bhfuil staidéar déanta agat air.


(ii) Mínigh **dhá** chúis gur tharla an imirce eagraithe seo.

(iii) Tabhair cur síos ar **dhá** iarmhairt ag an imirce eagraithe seo ar an limistéar a ndeachaidh daoine ar imirce chuige.

(10)

**3B.** **Pirimidí Daonra**




Curtha in oiriúint ón US Census Bureau

Scrúdaigh na pirimidí daonra thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh tír **amháin** ina bhfuil struchtúr an daonra cosúil le Pirimid **A**.

(ii) Ainmnigh tír **amháin** ina bhfuil struchtúr an daonra cosúil le Pirimid **B**.

(iii) Cén céatadán den daonra iomlán i bPirimid **A** atá san aoisghrúpa 50-54?

(iv) Mínigh cúis **amháin** a bhfuil bonn níos leithne ar Phirimid **B** ná mar atá ar Phirimid **A**.

(v) Mínigh cúis **amháin** a bhfuil barr Phirimid **A** níos leithne ná barr Phirimid **B**.

(10)

**3C. Gníomhaíocht Gheilleagrach Phríomhúil**




Curtha in oiriúint ó www.wikimediacommons.com

Scrúdaigh an léarscáil thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh an tír lipéadaithe **X**.

(ii) Ainmnigh an fhoinse fuinnimh is mó a shamhlaítear le tír **X**.

(iii) Tabhair cur síos ar **dhá** iarmhairt dhearfacha a bhí ag saothrú an fhoinse fuinnimh seo ar thír **X**.

(10)

**3D. Tionsclaíocht**

(i) Luaigh cad is brí leis an téarma *tionscal gan chuing*.

(ii) Ainmnigh sampla **amháin** de thionscal gan chuing.

(iii) Is féidir le coimhlintí áitiúla teacht chun cinn mar thoradh ar ghníomhaíochtaí geilleagracha tánaisteacha.

Ainmnigh sampla de choimhlint mar seo agus tabhair míniú ar an gcoimhlint sin.

(10)

**Ceist 4.** **TÍREOLAÍOCHT UIRBEACH**

**4A.** **Uirbiú sa Domhan i mBéal Forbartha**

(i) Ainmnigh cathair **amháin** sa domhan i mbéal forbartha a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

(ii) Mínigh **dhá** fhadhb a bhaineann le fás uirbeach sa chathair seo sa domhan i mbéal forbartha.

(10)

**4B.** **Athnuachan Uirbeach**

(i) Mínigh cad is brí leis an téarma *athnuachan uirbeach*.

(ii) Mínigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le athnuachan uirbeach do dhaoine áitiúla i gceantar uirbeach.

(10)

**4C.** **Plódú Tráchta**



Curtha in oiriúint ó www.journal.ie

(i) Tabhair cur síos ar chúis **amháin** a dtarlaíonn plódú tráchta i gcathracha na hÉireann.

(ii) Mínigh **dhá** mhodh dhifriúla chun plódú tráchta a laghdú i gcathracha na hÉireann.

(10)

**Ceist 5. LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS AGUS AERFÓTAGRAF**

**5A.** Scrúdaigh **LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS** a thugtar leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

Ar do shracléarscáil, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann acu seo a leanas:

- An t-imeallbhord ar fad
- Bóthar an N15
- Abhainn Dhroim Chliabh (*Drumcliff River*)
- Limistéar d'fhoraois bhuaircíneach.

(10)

**5B.** Scrúdaigh **LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS** a thugtar leis an bpáipéar seo.

(i) Ainmnigh **dhá** ghréasán lonnaíocht tuaithe dhifriúla atá le feiceáil ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis agus úsáid tagairt eangaí sé fhigiúir chun na gréasáin sin a aimsiú.

(ii) Mínigh cén fáth gur fhás gach ceann den **dá** ghréasán lonnaíochta a d'ainmnigh tú i gcuid (i) thuas ag na suímh a d'aimsigh tú.

(10)

**5C.** Scrúdaigh an **tAERFÓTAGRAF** a thugtar leis an bpáipéar seo.

Tá roinnt feidhmeanna difriúla le feiceáil san aerfótagraf, iad seo ina measc:

- Tithíocht
- Caitheamh aimsire
- Feidhm eaglasta
- Tionsclaíocht.

(i) Roghnaigh **trí** cinn de na feidhmeanna liostáilte thuas agus bain úsáid as an nodaireacht aitheanta chun sampla de gach ceann de na **trí** feidhmeanna seo a aimsiú san aerfótagraf.

(ii) Mínigh cén fáth gur tháinig forbairt ar cheann **amháin** de na feidhmeanna a roghnaigh tú i gcuid (i) thuas ag an suíomh a d'aimsigh tú.

(iii) Mínigh cúis **amháin** a bhfuil easpa forbartha i lár an chúlra san aerfótagraf.

(10)

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo